Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 6 Meitheamh 2025**
**(OR. en)**

**9943/25**

**ENT 91**
**MI 360**
**COMPET 495**
**IND 174**
**ENV 478**
**TRANS 229**
**AGRI 254**
**DELACT 73**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 5 Meitheamh 2025 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | C(2025) 3502 final |
| Ábhar: | RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) …/... ÓN gCOIMISIÚN<br>an 5.6.2025<br>lena leasaítear Rialachán (AE) 2019/2144 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle chun forbairtí rialála a chur san áireamh a bhaineann le leasuithe ar Rialacháin Uimh. 25, 34, 79, 100, 117, 127 agus 152 ó na Náisiúin Aontaithe, agus le Rialacháin nua Uimh. 167, 169 agus 171 ó na Náisiúin Aontaithe arna nglacadh ag an bhFóram Domhanda um Chomhchuibhiú Rialachán maidir le Feithiclí faoi choimirce Choimisiún Eacnamaíochta na Náisiún Aontaithe don Eoraip |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad C(2025) 3502 final.

Faoi iamh: C(2025) 3502 final

AN COIMISIÚN EORPACH

An Bhruiséil, 5.6.2025
C(2025) 3502 final

**RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) …/... ÓN gCOIMISIÚN**

**an 5.6.2025**

**lena leasaítear Rialachán (AE) 2019/2144 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle chun forbairtí rialála a chur san áireamh a bhaineann le leasuithe ar Rialacháin Uimh. 25, 34, 79, 100, 117, 127 agus 152 ó na Náisiúin Aontaithe, agus le Rialacháin nua Uimh. 167, 169 agus 171 ó na Náisiúin Aontaithe arna nglacadh ag an bhFóram Domhanda um Chomhchuibhiú Rialachán maidir le Feithiclí faoi choimirce Choimisiún Eacnamaíochta na Náisiún Aontaithe don Eoraip**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

# MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. COMHTHÉACS AN GHNÍMH THARMLIGTHE

Is é is aidhm don Rialachán seo na forbairtí teicniúla agus rialála is déanaí ón bhFóram Domhanda um Chomhchuibhiú Rialachán maidir le Feithiclí (WP.29) faoi choimirce Choimisiún Eacnamaíochta na Náisiún Aontaithe don Eoraip (CEE-NA) a chur san áireamh. I dtaca leis sin, ba cheart an liosta Rialachán ó na Náisiúin Aontaithe dá dtagraítear in Airteagal 4(2) de Rialachán (AE) 2019/2144 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus atá in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán sin a thabhairt cothrom le dáta trí thagairtí do Rialacháin nua ó na Náisiúin Aontaithe agus sraitheanna nua ábhartha leasuithe ar Rialacháin ó na Náisiúin Aontaithe atá ann cheana a chur isteach ann a mbeidh feidhm acu ar bhonn éigeantach chun cineálcheadú AE a dheonú.

Ar a bharr sin, Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) 2019/2144, ina bhfuil liosta na gceanglas dá dtagraítear in Airteagal 4(5) agus in Airteagal 5(3) den Rialachán sin, ba cheart í a chomhlánú le tagairtí do na gníomhartha rialála a glacadh de bhun an Rialacháin sin tar éis a ghlactha agus a theacht i bhfeidhm. Go sonrach, is gá tagairt a dhéanamh do na gníomhartha rialála a mhéid a bhaineann leis an Ardchóras Rabhaidh do Sheachmall Tiománaí, leis an Amharc Díreach do thrucailí agus do bhusanna agus leis na Córais um Chúnamh Rialúcháin don Tiománaí.

Dá bhrí sin, leasaítear Iarscríbhinní I agus II a ghabhann le Rialachán (AE) 2019/2144 i gcomhréir leis na hIarscríbhinní a ghabhann leis an Rialachán seo.

## 2. COMHAIRLIÚCHÁIN ROIMH GHLACADH AN GHNÍMH

Le linn ullmhú an ghnímh seo, chuaigh an Coimisiún i mbun comhairliúchán iomchuí le saineolaithe ó na Ballstáit an 2 Iúil agus an 4 Nollaig 2024 agus tacaíodh go leitheadach leis an dréacht. D’fhormhuinigh ionadaithe na mBallstát an dréachtghníomh le linn an chruinnithe de Ghrúpa Saineolaithe na mBallstát a reáchtáladh an 6 Bealtaine 2025.

I gcomhréir leis na rialacha maidir le Rialáil Níos Fearr, foilsíodh an dréachtghníomh tarmligthe ar an tairseach ‘Cloisimis Uait’ ar feadh tréimhse aiseolais 4 seachtaine idir an 10 Nollaig 2024 agus an 7 Eanáir 2025. San iomlán, chuir cúig pháirtí leasmhara aiseolas ar fáil. Rinne an Coimisiún na barúlacha go léir a cuireadh isteach a bhreithniú go cúramach agus thug sé dá aire iad.

## 3. EILIMINTÍ DLÍTHIÚLA AN GHNÍMH THARMLIGTHE

Is é Airteagal 4(3) agus (6) de Rialachán (AE) 2019/2144 bunús dlí an ghnímh tharmligthe seo.

**RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) …/... ÓN gCOIMISIÚN**

**an 5.6.2025**

**lena leasaítear Rialachán (AE) 2019/2144 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle chun forbairtí rialála a chur san áireamh a bhaineann le leasuithe ar Rialacháin Uimh. 25, 34, 79, 100, 117, 127 agus 152 ó na Náisiúin Aontaithe, agus le Rialacháin nua Uimh. 167, 169 agus 171 ó na Náisiúin Aontaithe arna nglacadh ag an bhFóram Domhanda um Chomhchuibhiú Rialachán maidir le Feithiclí faoi choimirce Choimisiún Eacnamaíochta na Náisiún Aontaithe don Eoraip**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2019/2144 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Samhain 2019 maidir le ceanglais chineálcheadaithe do mhótarfheithiclí agus a leantóirí, agus córais, comhpháirteanna agus aonaid theicniúla ar leithligh le haghaidh feithiclí den sórt sin, a mhéid a bhaineann lena sábháilteacht ghinearálta agus cosaint na ndaoine atá i bhfeithiclí agus úsáideoirí soghonta bóthair, lena leasaítear Rialachán (AE) 2018/858 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CE) Uimh. 78/2009, (CE) Uimh. 79/2009 agus (CE) Uimh. 661/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialacháin (CE) Uimh. 631/2009, (AE) Uimh. 406/2010, (AE) Uimh. 672/2010, (AE) Uimh. 1003/2010, (AE) Uimh. 1005/2010, (AE) Uimh. 1008/2010, (AE) Uimh. 1009/2010, (AE) Uimh. 19/2011, (AE) Uimh. 109/2011, (AE) Uimh. 458/2011, (AE) Uimh. 65/2012, (AE) Uimh. 130/2012, (AE) Uimh. 347/2012, (AE) Uimh. 351/2012, (AE) Uimh. 1230/2012 agus (AE) 2015/166 ón gCoimisiún[1], agus go háirithe Airteagal 4(3) agus (6) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) In Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2019/2144 liostaítear, *inter alia*, Rialachán Uimh. 34 ó na Náisiúin Aontaithe[2], Rialachán Uimh. 79 ó na Náisiúin Aontaithe[3], Rialachán Uimh. 100 ó na Náisiúin Aontaithe[4], Rialachán Uimh. 117 ó na

1 IO L 325, 16.12.2019, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2019/2144/oj.

2 Rialachán Uimh. 34 ó Choimisiún Eacnamaíochta na Náisiún Aontaithe don Eoraip (CEE-NA) – Forálacha aonfhoirmeacha maidir le ceadú feithiclí i ndáil le rioscaí dóiteáin a chosc [2025/....] (IO L, 2025/...., ELI: ...) [*Tagairt IO le cur isteach ag Oifig na bhFoilseachán*].

3 Rialachán Uimh. 79 ó Choimisiún Eacnamaíochta na Náisiún Aontaithe don Eoraip (CEE-NA) – Forálacha aonfhoirmeacha maidir le ceadú feithiclí i ndáil lena dtrealamh stiúrtha [2025/3] (IO L, 2025/3, 10.1.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2025/3/oj).

4 Rialachán Uimh. 100 ó Choimisiún Eacnamaíochta na Náisiún Aontaithe don Eoraip (CEE-NA) – ‘Forálacha aonfhoirmeacha maidir le ceadú feithiclí i ndáil le ceanglais shonracha i gcás an ghléasra cumhachta leictrí [2024/1955] (IO L, 2024/1955, 26.7.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/1955/oj).

Náisiúin Aontaithe[5], Rialachán Uimh. 127 ó na Náisiúin Aontaithe[6] agus Rialachán Uimh. 152 ó na Náisiúin Aontaithe[7]. Leasaigh an Fóram Domhanda um Chomhchuibhiú Rialachán maidir le Feithiclí faoi choimirce Choimisiún Eacnamaíochta na Náisiún Aontaithe don Eoraip (‘CEE-NA WP.29’) na rialacháin sin uile. Dá bhrí sin, is iomchuí an liosta in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2019/2144 a thabhairt cothrom le dáta chun na hathruithe sin a chur san áireamh.

(2) Tá forálacha i sraith leasuithe 02 ar Rialachán Uimh. 152 ó na Náisiúin Aontaithe maidir leis an ardchóras coscánaithe éigeandála chun déine imbhuailte le coisí agus le rothar faoi seach a sheachaint nó a mhaolú. In Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2019/2144, tagraítear don leagan bunaidh den Rialachán sin ó na Náisiúin Aontaithe ina bhfuil ceanglais maidir le hardchóras coscánaithe éigeandála chun imbhualadh le gluaisteán paisinéirí, agus leis sin amháin, a sheachaint nó a mhaolú. Dá bhrí sin, chun imbhuailtí idir gluaisteáin agus coisithe agus imbhuailtí idir gluaisteáin agus rothair a chumhdach, sa bhreis ar imbhuailtí idir ghluaisteáin, is iomchuí tagairt a dhéanamh in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2019/2144 do shraith leasuithe 02 ar Rialachán Uimh. 152 ó na Náisiúin Aontaithe.

(3) Tá forálacha i sraith leasuithe 04 ar Rialachán Uimh. 127 ó na Náisiúin Aontaithe maidir leis an gcrios cosanta tuairte cloiginn méadaithe chun feabhas a chur ar fheidhmíocht sábháilteachta do choisithe mótarfheithiclí i gcás imbhuailte. Ós rud é go dtagraítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2019/2144 do shraith leasuithe 02 den Rialachán sin ó na Náisiúin Aontaithe, is gá Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2019/2144 a thabhairt cothrom le dáta chun tagairt a dhéanamh do shraith leasuithe 04 ar Rialachán Uimh. 127 ó na Náisiúin Aontaithe.

(4) Ghlac CEE-NA WP.29 an méid seo a leanas freisin: (1) Rialachán Uimh. 167 ó na Náisiúin Aontaithe – Forálacha Aonfhoirmeacha maidir le Ceadú Mótarfheithiclí i nDáil lena Radharc Díreach [2024/1065][8], (2) Rialachán Uimh. 169 ó na Náisiúin Aontaithe – Forálacha Aonfhoirmeacha maidir le Taifeadáin Sonraí Teagmhais (EDR) a Cheadú i ndáil le Feithiclí Saothair Throm [2024/1218][9] agus (3) Rialachán Uimh. 171 ó na Náisiúin Aontaithe – Forálacha aonfhoirmeacha maidir le ceadú feithiclí i ndáil le Córais um Chúnamh Rialúcháin don Tiománaí [2024/2689][10]. Dá

---

[5] Rialachán Uimh. 117 ó Choimisiún Eacnamaíochta na Náisiún Aontaithe don Eoraip (CEE-NA) – Forálacha aonfhoirmeacha maidir le ceadú bonn i ndáil le hastaíochtaí torainn rollta agus/nó le greamaitheacht ar dhromchlaí fliucha agus/nó le friotaíocht rollach [2024/...] (IO L, 2024/....., ELI: ...) [*Tagairt IO le cur isteach ag Oifig na bhFoilseachán*].

[6] Rialachán Uimh. 127 ó Choimisiún Eacnamaíochta na Náisiún Aontaithe don Eoraip (CEE-NA) – Forálacha aonfhoirmeacha maidir le ceadú mótarfheithiclí i ndáil lena bhfeidhmíocht sábháilteachta do choisithe [2025/460] (IO L, 2025/460, 17.3.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2025/460/oj).

[7] Rialachán Uimh. 152 ó Choimisiún Eacnamaíochta na Náisiún Aontaithe don Eoraip (CEE-NA) – Forálacha aonfhoirmeacha maidir le ceadú mótarfheithiclí a mhéid a bhaineann leis an Ardchóras Coscánaithe Éigeandála (AEBS) le haghaidh feithiclí M1 agus N1 [2024/2497] (IO L, 2024/2497, 27.9.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/2497/oj).

[8] Rialachán Uimh. 167 ó na Náisiúin Aontaithe – Forálacha Aonfhoirmeacha maidir le Ceadú Mótarfheithiclí i nDáil lena Radharc Díreach [2024/1065] (IO L, 2024/1065, 17.5.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/1065/oj).

[9] Rialachán Uimh. 169 ó na Náisiúin Aontaithe – Forálacha Aonfhoirmeacha maidir le Taifeadáin Sonraí Teagmhais (EDR) a Cheadú i ndáil le Feithiclí Saothair Throm [2024/1218] (IO L, 2024/1218, 23.5.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/1218/oj).

[10] Rialachán Uimh. 171 ó na Náisiúin Aontaithe – Forálacha aonfhoirmeacha maidir le ceadú feithiclí i ndáil le Córais um Chúnamh Rialúcháin don Tiománaí (CCRT) [2024/2689] (IO L, 2024/2689, 4.11.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/2689/oj).

bhrí sin, is iomchuí tagairtí do na rialacháin sin a thabhairt isteach in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2019/2144.

(5) Tá forálacha i sraith leasuithe 04 ar Rialachán Uimh. 117 ó na Náisiúin Aontaithe maidir le ceadú bonn i ndáil lena bhfliuchghreim agus iad caite. Is iomchuí am breise a chur ar fáil chun go bhféadfar leanúint de bhoinn nua a fheistiú ar fheithicil atá in úsáid, ar boinn iad a ceadaíodh mar bhoinn a chomhlíonann sraitheanna leasuithe 02 agus 03 faoi seach ar Rialachán Uimh. 117 ó na Náisiúin Aontaithe, go dtí an 6 Eanáir 2029.

(6) Ag an 192ú seisiún de chuid CEE-NA WP.29 i mí an Mhárta 2024, vótáil an tAontas agus a Bhallstáit i bhfabhar an Rialacháin nua ó na Náisiúin Aontaithe i dtaca le forálacha aonfhoirmeacha maidir le ceadú feithiclí a mhéid a bhaineann le córais um chúnamh rialúcháin don tiománaí. Chun go gcomhlíonfaidh mótarfheithiclí atá feistithe leis na córais sin na forálacha a leagtar amach sa Rialachán sin ó na Náisiúin Aontaithe, is gá an tagairt do Rialachán Uimh. 171 ó na Náisiúin Aontaithe a chur isteach in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) 2019/2144, tagairt ar cheart feidhm a bheith aici ar bhonn '*má tá sé feistithe*'.

(7) Ba cheart, dá bhrí sin, Rialachán (AE) 2019/2144 a leasú dá réir,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

**Leasuithe ar Rialachán (AE) 2019/2144**

Leasaítear Iarscríbhinn I agus Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) 2019/2144 i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

*Airteagal 2*

**Teacht i bhfeidhm**

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 5.6.2025

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtarán*
*Ursula VON DER LEYEN*